



An Bhruiséil, 25 Samhain 2015
(OR. en)

14201/15

RECH 278

NÓTA

ó:	Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)
chuig:	An Chomhairle
Uimh. an doic. roimhe seo:	13930/15 RECH 272
Ábhar:	Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir leis an tsláine taighde - <i>Glacadh</i>

1. Measann Uachtaránacht Lucsamburg go bhfuil an tsláine taighde ar cheann dá príomhthosaíochtaí i réimse na forbartha agus na nuálaíochta (F&N). Sa chomhthéacs sin, mhol an Uachtaránacht dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir leis an ábhar sin. Pléadh na dréacht-Chonclúidí ag na cruinnithe a bhí ag an Meitheal um Thaighde an 5 agus an 26 Deireadh Fómhair agus an 5 Samhain 2015.
2. Scrúdaigh Coiste na mBuanionadaithe na dréacht-Chonclúidí sin ag an gcruinniú a bhí aige an 20 Samhain 2015, réitigh sé na saincheistanna a bhí fós ann agus chomhaontaigh sé na dréacht-Chonclúidí a chur ar aghaidh chuig an gComhairle (Iomaíochas) an 30 Samhain - 1 Nollaig 2015 le go nglacfar iad. Tá forchoimeádas ginearálta ag PL maidir leis an téacs, tar éis na dtoghchán náisiúnta is déanaí (mar a léirítear i bhfonóta san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo).
3. Iarrtar ar an gComhairle (Iomaíochas), dá bhrí sin, na Conclúidí a ghlacadh, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo iad.

DRÉACHT-CHONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN tSLÁINE TAIGHDE^{1,2}

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS

AG MEABHRÚ DI NA NITHE SEO A LEANAS

- An Moladh ón gCoimisiún ar an gCairt Eorpach do Thaighdeoirí³, ina leagtar amach an bonn do chleachtais eiticiúla agus do bhunphrionsabail eiticiúla do thaighdeoirí agus d'eagraíochtaí gaolmhara gníomhú ar bhealach freagrach taobh istigh dá dtimpeallacht oibre;
- Bunphrionsabail eiticiúla agus an tsláine i ngníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta an Aontais a urramú, a chomhlíontar leis na gníomhaíochtaí a chumhdaítear faoin gclár Fís 2020 - Creatchlár an Aontais um Thaighde agus Nuálaíocht⁴;
- An tsaoirse acadúil agus an taighde eolaíoch gan bhac a urramú, mar a chumhdaítear é i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh;
- "An Cód Iompair Eorpach maidir leis an tSláine Taighde"⁵ a d'fhorbair Fondúireacht Eolaíochta na hEorpa (FEE) agus Acadaimh Uile na hEorpa (ALLEA);

¹ PL: Forchoimeádas grinnscrúdaithe ginearálta.

² Chun críocha na gConclúidí seo, baineann sláine taighde le taighde den chaighdeán gairmiúlachta is airde a dhéanamh agus é a chríochnúla agus is féidir, ag cloí le beachtas, oibiachtúlacht agus fírinne an taighde arna thairfeadh i bhfoilseacháin agus in áiteanna eile. Ar an dea-chleachtas taighde, áirítear an eitic taighde sa chéim maidir le togra agus dul i mbun turgnaimh, chomh maith le heitic an fhoilsithe san anailís agus sa scaipeadh a dhéantar i ndáil leis an gcleachtas sin (príomhfhoinsí: Comhlachas Ollscoileanna na hÉireann - www.iua.ie agus Acadaimh Ríoga na hÉireann - www.ria.ie).

³ 7321/05.

⁴ Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear Fís 2020 - An Creatchlár um Thaighde agus Nuálaíocht (2014-2020).

⁵ An Cód Iompair Eorpach maidir leis an tSláine Taighde (FEE agus ALLEA, 2011), ar fáil ag http://www.esf.org/fileadmin/Public_documents/Publications/Code_Conduct_ResearchIntegrity.pdf

Sláine taighde mar phríomhghné den bharr feabhais taighde agus den ábharthacht shocheacnamaíoch

1. MEASANN SÍ gurb í an tsláine taighde an bonn atá le taighde ar ardchaighdeán agus gur réamhriachtanas í chun barr feabhais a bhaint amach i dtaighde agus i nuálaíocht san Eoraip agus níos faide i gcéin. CUIREANN SÍ I bhFÁTH an tábhacht a bhaineann le taighde agus le nuálaíocht bunaithe ar an tsaoirse agus ar an tsláine acadúil mar ghné ríthábhachtach le haghaidh bonn iontaofa feasachta as a n-eascraíonn forbairt shocheacnamaíoch agus dul chun cinn, agus lena gcuirtear feabhas ar chaighdeán mhaireachtála, ar shláinte agus ar fholláine na saoránach;
2. AITHNÍONN SÍ an méadú ar aschur eolaíoch agus ar leathadh eolaíoch ar fud an domhain agus, sa chomhthéacs sin, CUIREANN SÍ BÉIM ar an tábhacht a bhaineann le dea-chleachtais i ngach céim den timthriall taighde agus nuálaíochta;
3. AITHNÍONN SÍ an tábhacht a bhaineann le heolaíocht oscailte mar shásra chun sláine taighde a neartú, agus, ag an am céanna, cuireann an tsláine taighde leis an eolaíocht oscailte;

Tionchar socheacnamaíoch an mhí-iompair taighde agus bealaí chun é a chosc

4. AITHNÍONN SÍ go bhféadfadh mí-iompar taighde dochar a dhéanamh do shláine taighde poiblí agus do shláine taighde príobháidí⁶ agus AITHNÍONN SÍ go bhféadfadh tionchar eacnamaíoch diúltach suntasach a bheith leis an mí-iompar taighde, [...] lena n-áirítear taighde agus cleachtais amhrasacha, chomh maith le costais don earnáil phoiblí agus don earnáil phríobháideach araon, agus go bhféadfadh sé sin a lorg a fhágáil ar na nithe seo a leanas:
 - a) *Daoine aonair agus an tsochaí:* d'fhéadfadh sé go n-eiseofaí torthaí bréagacha nó táirgí fabhtacha nó próisis fhabhtacha T&N nó go gcuirfí ar fáil go poiblí iad agus go mbeadh glacadh an phobail nó na n-eolaithe eile leo go forleathan, rud a bhainfeadh iarmhairtí tromchúiseacha leis, lena n-áirítear bac a chur ar an dul chun cinn eolaíochta;

⁶ Is é a thuigtear le mí-iompar taighde sáruihte ar shláine taighde. Áirítear ar a bhfuil i gceist le mí-iompar taighde cur i gcéill, falsú, bradaíl (FFP) nó míleithreasú maidir le torthaí taighde a mholadh, a fheidhmiú nó a thuairisciú, agus cleachtais taighde amhrasacha eile, os rud é go ndéanann na sáruihte sin dochar don taifead taighde (príomhfhoinsé: ECFE (2007): "Dea-chleachtas chun sláine eolaíoch a áirithiú agus chun mí-iompar a chosc").

- b) *Beartais phoiblí*: d'fhéadfadh droch-chinnteoireacht a bheith mar thoradh ar shonraí nó ar chomhairle neamhiontaofa;
 - c) *Institiúidí poiblí*: d'fhéadfadh sé go mbainfí an bonn den chumas atá ag institiúidí an taighde a chothú agus a chur chun cinn ar bhealach inniúil freagrach;
 - d) *Muinín an phobail*: d'fhéadfaí dochar a dhéanamh do mhuinín agus do thacaíocht an phobail maidir leis an eolaíocht mar thoradh ar mhí-iompar taighde agus ar mhí-úsáid cistí poiblí, agus chuirfí inbhuanaitheacht mhaoiniú T&N i mbaol dá bharr sin;
5. MEASANN SÍ, agus lánurraim á tabhairt aici don tsaoirse acadúil, gur ar thaighdeoirí iad féin atá an fhreagracht tosaigh maidir le sláine taighde, agus go bhfuil freagracht uileghabhálach ann ar leibhéal institiúideach; Dá bharr sin, IARRANN SÍ go gcothófar cultúr institiúideach de shláinte taighde chun timpeallacht a chruthú, go príomha trí rialacha institiúideacha, nósanna imeachta agus treoirlínte a bheidh soiléir chomh maith le hoiliúint agus le meantóireacht bunaithe ar dhea-chleachtais a roinnt, ina mbeifí ag súil le hiompar freagrach ar an leibhéal aonair agus institiúideach araon;
6. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le bearta chun aghaidh a thabhairt ar mhí-iompar taighde agus chun é a chosc, lena n-áirítear cleachtais amhrasacha taighde; IARRANN SÍ ar eagraíochtaí taighde agus ar na Ballstáit teacht ar bhealaí iomchuí chun mí-iompar líomhnaithe a scrúdú i measc taighdeoirí agus, más iomchuí, i gcás insititiúidí ina dtarlaíonn an mí-iompar; agus CUIREANN SÍ BÉIM ar ról an oideachais, na hoiliúna agus na foghlama ar feadh an tsaoil ag staideanna éagsúla i ngairmréanna na dtaighdeoirí i dtaca leis sin;

An tsláine taighde a chur chun cinn ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát

7. COMHAONTAÍONN SÍ maidir leis an luach agus leis an tairbhe a bhaineann leis an tsláine taighde a chur chun cinn ar leibhéal an duine aonair agus ar an leibhéal institiúideach, agus MEASANN SÍ gur cheart taighde ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus ar leibhéal na mBallstát a bhunú ar na prionsabail seo a leanas a liostaítear sa "Chód Iompair Eorpach maidir leis an tSláine Taighde" a d'fhorbair Fondúireacht Eolaíochta na hEorpa (FEE) agus Acadaimh Uile na hEorpa (ALLEA):
- Ionracas;
 - Iontaofacht;
 - Oibiachtúlacht;
 - Neamhchlaontacht agus neamhspleáchas;
 - Cumarsáid oscailte;
 - Dualgas cúraim;
 - Cothroime;
 - Freagracht as glúine na heolaíochta a bheidh ann amach anseo;
8. CUIREANN SÍ I bhFÁTH an gá atá ann prionsabail na sláine taighde a chur chun feidhme chun a chinntiú go ndéanfar taighde ar ardcháilíocht san Eoraip, agus ag an am céanna ualach breise riaracháin á sheachaint; AITHNÍONN SÍ, i ndáil leis sin, na hiarrachtaí a dhéanann an pobal eolaíochta, lena n-áirítear geallsealbhóirí ón Limistéar Eorpach Taighde (ERA) agus ó eagraíochtaí idirnáisiúnta eile, agus na húdaráis náisiúnta ábhartha maidir le tacú leis na prionsabail agus na leis na cóid atá ann cheana a chur chun feidhme;
9. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur chuir an Coimisiún an 'Cód Iompair Eorpach maidir leis an tSláine Taighde' thuasluaite i bhfeidhm i bhFís 2020; agus IARRANN SÍ go ndéanfar an Cód a chur i bhfeidhm ar bhealach comhsheasmhach i dtaighde arna maoiniú ag an Aontas Eorpach;

10. IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún líonraí na sláine taighde atá ann cheana, amhail Líonra Eorpach na nOifigí um Shláine Taighde (ENRIO), a chur chun cinn, lena n-áirítear gníomhaíochtaí oiliúna atá bunaithe ar an bprionsabal "an t-oiliúnóir a oiliúint" d'fhonn dul chun cinn a dhéanamh i dtreo leibhéal níos airde comhsheasmhachta i gcleachtais sláine taighde san Eoraip;
11. IARRANN SÍ ar na Ballstáit, i gcomhar leis an gCoimisiún, dlús a chur leis na hiarrachtaí maidir lena gcleachtaí i ndáil leis an bhfoghlaim fhrithpháirteach, lena n-áirítear faoi chuimsiú Choiste an Limistéir Eorpaigh Taighde agus Nuálaíochta (CLET) agus freisin faoi chuimsiú uirlis na Saoráide Tacaíochta Beartais a ghabhann le Fís 2020; SPREAGANN SÍ malartú dea-chleachtas i réimse na sláine taighde, amhail i ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an oideachas, lena n-áirítear cláir don oiliúint dochtúireachta agus cláir ábhartha don oiliúint ar feadh an tsaoil, agus freisin maidir le hathrú institiúideach a chur chun cinn;
12. IARRANN SÍ ar na Ballstáit, ar mhaoinitheoirí taighde agus ar an bpobal taighde teacht le chéile agus féachaint faoi na bealaí inar féidir dreasachtaí do mhí-iompar taighde a laghdú, agus béim á leagan ar dhreasachtaí dearfacha maidir le cáilíocht na taighde a chur chun cinn agus iarrann sí orthu treoirlínte a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar mhí-iompar;
13. IARRANN SÍ ar na gníomhaithe ábhartha uile, lena n-áirítear taighdeoirí aonair, an pobal taighde, eagraíochtaí a dhéanann taighde agus eagraíochtaí a mhaoiníonn taighde, ollscoileanna, údaráis phoiblí agus eagarthóirí ar irisí eolaíocha, beartais a shainiú agus a chur chun feidhme lena gcuirfí an tsláine taighde chun cinn agus lena gcuirfí cosc agus lena dtabharfaí aghaidh ar mhí-iompar taighde, lena n-áirítear cleachtaí amhrasacha taighde.